

Síntiúis do TDanna, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa in 2019



Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Guthán: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Láithreán gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

Márta 2021

Brollach

Thar ceann an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, táim sásta an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle i gcomhréir le halt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Cuireadh na ráitis síntiús/dearbhuithe reachtúla a dtagraítear dóibh sa tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht. Cuireadh deimhnithe na síntiús airgeadaíochta/na ndearbhuithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais faoi bhráid de bhun alt 23B den Acht.

An Breitheamh Onórach Garrett Sheehan
Cathaoirleach
Márta 2021

Caibidil 1: Réamhrá

Tá ar gach duine ar ball de Dháil Éireann (TD), ball de Sheanad Éireann (Seanadóir) nó ball de Pharlaimint na hEorpa (FEP) é/í, i rith bliain féilire, ráiteas síntiús, deimhniú síntiúis airgeadaíochta, dearbhú reachtúil agus, sa chás gur cuí, ráiteas bainc maidir leis an mbliain roimhe sin, a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) faoin 31 Eanáir an bhliain dar gcionn.

Is cion é mura seoltar na tuairisceáin riachtanacha ar aghaidh faoin spriocdháta reachtúil. Nuair a bhíonn duine ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,500 agus fíneáil leanúnach nach mó ná €500 sa lá do gach lá, i ndiaidh ciontú, nár seoladh na tuairisceáin reachtúla ar aghaidh go fóill.

Baineann an tuarascáil seo leis na tuairisceáin reachtúla a sheol TDanna, Seanadóirí agus FPEanna ar aghaidh maidir leis an mbliain 2019.

Cuirtear sonraí ar fáil faoi shíntiús a nochtar agus a rinneadh sna hAguisíní leis an tuarascáil seo.

Caibidil 2: Eolas Ginearálta

D'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin treoirínte do TDanna, Seanadóirí agus FPEanna (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile anseo istigh mar “baill”) maidir le síntiúis ina leagtar amach na riachtanais a bhaineann le ceisteanna éagsúla cosúil le síntiúis a ghlacadh agus a nochtadh, síntiúis choiscthe agus cuntais síntiúis pholaitíochta. Tá na treoirínte (a dtugtar achoimre orthu sa tábla seo a leanas) ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin, www.sipo.ie.

Tábla achomair síntiús do TDanna, Seanadóirí agus FPEanna

An cuntas síntiúis pholaitíochta	Caithfidh TD, Seanadóir nó FPE cuntas síntiúis pholaitíochta a oscailt i ndiaidh síntiús breis agus €100 a fháil (murar osclaíodh ceann cheana féin).
Síntiúis airgid thirim	Is é €200 an síntiús uasta airgid thirim is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh ó dheontóir in aon bhliain féilire.
Deontóirí corparáideacha	Is é €200 an síntiús uasta is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh ó dheontóir corparáideach in aon bhliain féilire murach go bhfuil an deontóir corparáideach cláraithe i gClár na nDeontóirí Corparáideacha atá á choimeád ag an gCoimisiún.
Deontóirí aonair	Caithfear gach síntiús a fuair TD, Seanadóir nó FPE a sháraíonn €600 a nochtadh i Ráiteas na Síntiús.
Síntiús uasta	Is é €1,000 an síntiús uasta is féidir le TD, Seanadóir nó FPE a ghlacadh i mbliain ar leith ó dheontóir aonair nó ó dheontóir corparáideach.
Síntiúis iolracha	Nuair a dhéanann deontóir síntiús le beirt fhaighteoirí nó níos mó (baill iolracha den pháirtí céanna nó le ball páirtí amháin nó níos mó agus leis an bpáirtí féin), ar mó ná €1,500 luach comhiomlán an tsíntiúis, tá air/uirthi foirm shíntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi alt 24 (1A).
Síntiúis choiscthe	<ul style="list-style-type: none">• Aon síntiús a sháraíonn na teorainneacha a luaitear thuas• Ní féidir glacadh le síntiús anaithnid a sháraíonn €100• Ní féidir glacadh le síntiúis eachtracha, ar luach ar bith, ó áiteanna lasmuigh d'oileán na hÉireann, seachas ó shaoránach Éireannach

Nóta: tá rialacha breise síntiúis i gceist i dtaobh páirtithe polaitíochta agus tríú páirtithe. Féach www.sipo.ie, le do thoil, chun teacht ar eolas breise.

Caibidil 3: Síntiúis a nochtadh

Tugtar achoimre in Aguisín 1 ar shíntiúis a nochtadh. Is féidir na ráitis síntiús aonair seo a fheiceáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin: www.sipo.ie.

Bhí ar 237 ball agus iarbhall ráitis síntiús a sheoladh ar aghaidh maidir le 2019, na baill seo a leanas ina measc –

- 158 TD
- 60 Seanadóir
- 13 FPE
- 6. Iar-FPEanna

Tuairisceáin a fuarthas

Bhí oibleagáid ar gach ball a ráitis síntiús a sheoladh ar aghaidh faoin 31 Eanáir 2020.

Nuair a aimsíonn an Coimisiún mionearráid nó easnamh i ráiteas síntiús, cuirfidh sé sonraí faoin earráid nó faoin easnamh faoi bhráid an bhaill agus cuirfidh sé an ball ar an eolas go dtugtar 14 lá dó/di ó dháta an fhógra inar féidir an earráid a cheartú nó an t-easnamh a chur ina cheart.

Bhí na ceanglais reachtúla comhlíonta go hiomlán ag 192 ball faoin 31 Eanáir. Ní raibh tuairisceáin seolta ar aghaidh faoin spriocdháta ag daichead a cúig ball. Bhí na ceanglais comhlíonta go substainteach ag gach ball faoi Aibreán 2020, ach bhí roinnt mioncheisteanna le réiteach go fóill. Tá na ceisteanna seo á bhfiosrú. Mar gheall go bhfuil gach ball comhlíontach go substainteach, níor cuireadh aon chomhaid faoi bhráid an Gharda Síochána.

Fuair sé ball síntiús a sháraigh €200 óna bpáirtithe polaitíochta, nár chláraigh leis an gCoimisiún mar dheontóirí corparáideacha ag an am a rinne an páirtí na síntiús.

Ceanglaítear san Acht, nuair a fhaightear síntiús a sháraíonn €200 ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe, caithfidh sé/sí an síntiús a thabhairt ar ais nó an chuid os cionn €200 a thabhairt ar ais don deontóir, nó an síntiús a íoc leis an gCoimisiún.

Scríobh an Coimisiún chuig gach duine de na Baill, agus rinne gach duine díobh an tsuim os cionn €200 nó an síntiús iomlán a tugadh dá bpáirtí a aisíoc. Leagtar amach sonraí sna táblaí thíos. Scríobh an Coimisiún freisin chuig gach páirtí polaitíochta cláraithe chun ceanglais an Achta a leagan amach i dtaobh síntiús chorparáideacha. Cuireadh páirtithe ar an eolas más mian leo síntiús a dhéanamh

le ball tofa nó le hiarrthóir toghcháin a sháraíonn €200, caithfidh siad clárú ar dtús mar dheontóir corparáideach.

Léirítear sa tábla in Aguisín 1 go ndearna baill síntiúis ar luach iomlán **€22,545** a nochtadh maidir leis an mbliain 2019. Nuair a chuirtear aisíocaíochtaí san áireamh, ba é an glaníomlán i dtaobh síntiús a fuarthas €13,645. Ba mhéadú é seo aníos ó fhiigiúr comhionann 2018, arbh ionann é agus €6,480. Cuireadh toghcháin Pharlaimint na hEorpa ar bun in 2019, a chuir leis an méadú a tháinig ar luach na síntiús a nochtadh.

Caibidil 4: Síntiúis a nocht deontóirí faoi alt 24 (1A)

Foráiltear in Alt 24 (1A) den Acht gur gá do dhuine aonair ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil a chur faoi bhráid an Choimisiúin má dhéanann sé/sí síntiús a sháraíonn luach comhiomlán €1,500 i mbliain ar leith le beirt daoine nó níos mó ar bhaill iad den pháirtí polaitíochta céanna nuair a rinneadh na síntiús, nó le páirtí polaitíochta agus le ball amháin nó níos mó dá bhaill. Caithfear sonraí faoi na síntiús agus na daoine lena ndearnadh iad a thabhairt sa ráiteas síntiús, agus caithfear iad a sheoladh ar aghaidh faoin 31 Eanáir an bhliain dar gcionn.

Mura mbeartaíonn deontóir an ceanglas seo a chomhlíonadh agus más eol do bhall nó do pháirtí é seo, cuirtear cosc ar an mball/ar an bpáirtí glacadh le síntiús ón duine aonair sin.

Fuarthas cúig ráiteas síntiús ó dheontóirí aonair maidir le 2019. Leagtar amach sa tábla in Aguisín 2 sonraí faoi na síntiús a nochtadh. Rinne an cúigear deontóirí síntiús ar luach iomlán **€44,685** a nochtadh maidir leis an mbliain 2019. Ba é an figiúr comhionann don bhliain 2018 €6,302. Is é is cúis leis an méadú, go mór mór, ná go ndearnadh síntiús le hiarrthóirí sna toghcháin áitiúla a cuireadh ar bun in 2019.

Caibidil 5: Foilsiú ráitis síntiús

Chuir an Coimisiún na ráitis síntiús a dtagraítear dóibh sa tuarascáil seo faoi bhráid gach Tí an Oireachtais, de bhun alt 24 (7) (a) den Acht, agus tá na cáipéisí ar fáil ar láithreán gréasáin an Oireachtais www.oireachtas.ie.

Tá na ráitis síntiús a fuarthas ar fáil anois ar láithreán gréasáin an Choimisiúin. Tá cóip den tuarascáil seo agus den phreaseisiúint a ghabhann léi ar fáil freisin ar an láithreán gréasáin: www.sipo.ie.

Ceanglaítear in Alt 73 den Acht ar an gCoimisiún na cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag a oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I gcomhthéacs phaindéim reatha COVID-19, tá oifigí an Choimisiúin dúnta do ghlaiteoirí. Ní féidir, ar an ábhar sin, cáipéisí a chur ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh ag an tráth seo. Nuair a athosclaíodh na hoifigí, cuirfear na cáipéisí ar fáil chun gur féidir leis an bpobal iad a iniúchadh. Is féidir cóipeanna a chur ar fáil i ndiaidh iarratas a dhéanamh leis an gCoimisiún trí ríomhphost a sheoladh chuig info@sipo.ie nó trí ghlaoch ar (01) 639-5666.

Ní gá deimhnithe síntiúis airgeadaíochta, dearbhuithe reachtúla agus ráitis bhainc a ghabhann leo a chur faoi bhráid na dTithe agus níl siad ar fáil don phobal le hiad a iniúchadh, de réir Alt 23B (8) den Acht.

Aguisín 1 - Síntiúis a nocht bail

Páirtí	Ball	Deontóir	Luach iomlán na síntiús €
Aontú	Peadar Tóibín, TD	Desmond John Tobin 9 Bóthar San Eiléan Baile an Bhóthair An Charraig Dhubh Baile Átha Cliath	1,000
Fianna Fáil	An Seanadóir Malcolm Byrne	Comhairle na Dála, Loch Garman Fianna Fáil Fianna Fáil Ghuaire	1,100 2,000
		* Síntiús comhiomlán ó Fhianna Fáil	3,100
		Stephen Donnelly, TD	Jim Donnelly Cnoc Richmond Baile na Manach Baile Átha Cliath
	Mícheál Martin, TD	** Fianna Fáil 65/66 Sráid an Mhóta Íochtarach Baile Átha Cliath 2	1,000
	Michael McGrath TD	*Fianna Fáil CDC Chorcaí Theas-Lar.	1,000
	Darragh O'Brien, TD	Ray Nolan Bóthar an Teampaill Mullach Íde Co. Baile Átha Cliath	850
Fine Gael	Michael D'Arcy, TD	Jim Allen Bóthar an Bhaile Nua Loch Garman	1,000
		Ronald McCormack Baile Corráin Léith Cúil Ghréine Guaire Co. Loch Garman	1,000
		Walter Hobbs 17 Páirc Chnoc Sionnaigh Carraig an tSionnaigh Baile Átha Cliath 18	1,000
Neamhspleách	Katherine Zappone, TD	Muriel Walls Meadow Nook Baile Risteaird Claonadh	1,000

Páirtí	Ball	Deontóir	Luach iomlán na síntiús €
		Co. Cill Dara W91 HXE8 Éire	
Páirtí an Lucht Oibre	Alan Kelly, TD	Declan Kelly Baile an Chaisleáin An Port Rua An tAonach Co. Tiobraid Árann	995
	Brendan Ryan, TD	* Cumann na bhFoireann Tuarastail Iompair (TSSA) Cúirt Mhic an Airchinnigh Amach ó Shráid Temple Baile Átha Cliath 1	1,000
Sinn Féin	Pádraig Mac Lochlainn, Seanadóir	** Seirbhísí Oifig Dhún na nGall An Bóthar Ard Leitir Ceanainn Co. Dún na nGall	1,000
Dlúthpháirtíocht- Pobal seachas Brabús	Paul Murphy, TD	Laura Feeney 5 Bóthar Wynnefield Ráth Maonais Baile Átha Cliath 6	1,000
An Comhaontas Glas	Ciarán Cuffe, FPE	* Comhaontas Glas Chuan Bhaile Átha Cliath Theas An Comhaontas Glas Sráid Suffolk Baile Átha Cliath 2	1,000
		Gearóid Ó Fearghaíl 44 Ascaill Richmond Baile na Manach An Charraig Dhubh Baile Átha Cliath A94DR44	1,000
	Catherine Martin, TD	* An Comhaontas Glas 16/17 Sráid Suffolk Baile Átha Cliath 2	1,000

Páirtí	Ball	Deontóir	Luach iomlán na síntiús €
	Joe O'Brien, TD	Fergus Wheatley 7 Radharc an Chuain Mullach Íde Co. Baile Átha Cliath K36 Y052	1,000
	Grace O'Sullivan, FPE	Seán Ryan Tigh na Siúire An Baile Nua Port Láirge	1,000
		Caroline Gray Teach an Chorrbaile Mhóir An Dún Mór Co. Port Láirge	600
	Éamon Ryan, TD	* An Comhaontas Glas 16/17 Sráid Suffolk Baile Átha Cliath 2	1,000
			Iomlán 22,545

* Síntiús ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe – aisíocadh an tsuim os cionn €200 leis an deontóir.

** Síntiús ó dheontóir corparáideach neamhchláraithe – aisíocadh an síntiús iomlán leis an deontóir.

Aguisín 2 - Síntiúis a nocht deontóirí faoi alt 24 (1A)

Deontóir	Faighteoir an tsíntiúis	Luach iomlán na síntiúis €
An tUasal Declan Kelly Baile an Chaisleáin An Port Rua An tAonach Co. Thiobraid Árann	Alan Kelly, TD Páirtí an Lucht Oibre	995
	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	1,495
*** An tUasal Michael Madden 10 Graham Court Rye Nua-Eabhrac 10580 SAM	Páirtí an Lucht Oibre, Tiobraid Árann	1,480
An tUasal Cathal Queally Sráid Eachroma Baile Átha Cliath 7	Cian O'Callaghan Na Daonlathaigh Shóisialta	750
	Na Daonlathaigh Shóisialta	1,000
Cumann Múinteoirí Éireann Cearnóg Parnell Baile Átha Cliath 1	Michael Ryan Aontú	1,000
	Cathal Crowe Fianna Fáil	1,000
	Joe Killeen Fianna Fáil	1,000
	Fergal Browne Fine Gael	1,000
	Maria Doyle Fine Gael	1,000
	Aileen Horkan Fine Gael	1,000
	Alice O'Donnell Fine Gael	1,000
	Harry Barrett Neamhspleách	1,000
	Fidelma Healy Eames Neamhspleách	1,000
	Helena Byrne Teehan Renua	1,000

Deontóir	Faighteoir an tsíntiúis	Luach iomlán na síntiúis €	
	Sorcha Nic Cormaic Sinn Féin	1,000	
	Fionntán Ó Súilleabháin Sinn Féin	1,000	
	Eolan Rying Sinn Féin	1,000	
	Stephen Marken Na Daonlathaigh Shóisialta	1,000	
	Mary Cahillane Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús	1,000	
	Seonaidh Ní Shíomóin Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús	1,000	
	Siobhán Shovlin Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús	1,000	
	Fergus Carpenter Páirtí an Lucht Oibre	1,000	
	Alison Gilliland Páirtí an Lucht Oibre	1,000	
	Lorraine Ní Sceallaigh Páirtí an Lucht Oibre	1,000	
	Seána Ó Rodaigh Páirtí an Lucht Oibre	1,000	
	SIPTU Halla na Saoirse Cé Éidin Baile Átha Cliath 1	Nuala Nolan Aontú	595
		Donal Lynch Fine Gael	595
Pat Hardiman Neamhspleách		595	
Mark Lohan Sinn Féin		595	
Cyril Brennan Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús		950	
William Lacey Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús		595	
Michael O'Brien		595	

Deontóir	Faighteoir an tsíntiúis	Luach iomlán na síntiúis €
	Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús	
	Jessica Spear Dlúthpháirtíocht-Daoine Roimh Bhrabús	595
	Paul Bell Páirtí an Lucht Oibre	595
	Aidenn Carberry Páirtí an Lucht Oibre	595
	Andrea Cleere Páirtí an Lucht Oibre	595
	Luke Field Páirtí an Lucht Oibre	595
	Mary Frehill Páirtí an Lucht Oibre	595
	Ciara Galvin Páirtí an Lucht Oibre	595
	Dominic Hannigan Páirtí an Lucht Oibre	950
	Peter Horgan Páirtí an Lucht Oibre	595
	Denis Hynes Páirtí an Lucht Oibre	595
	Dermot Lacey Páirtí an Lucht Oibre	595
	George Lawlor Páirtí an Lucht Oibre	595
	John McDonagh Páirtí an Lucht Oibre	595
	Marie Moloney Páirtí an Lucht Oibre	595
	Derek Mulcahy Páirtí an Lucht Oibre	595
	Eric Nolan Páirtí an Lucht Oibre	595
	Peter O'Brien Páirtí an Lucht Oibre	595
	Cathal Rasmussen Páirtí an Lucht Oibre	595
	Seamus Rodgers Páirtí an Lucht Oibre	595

Deontóir	Faighteoir an tsíntiúis	Luach iomlán na síntiúis €
	Marie Sherlock Páirtí an Lucht Oibre	595
	Duncan Smith Páirtí an Lucht Oibre	595
	David Gardiner Páirtí na nOibrithe	595
Iomlán		44,685

***Saoránach Éireannach